
# BILEOG FÍRICÍ DO SCOILEANNA

Green-Schools

An Taisce

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications



## Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí an chaoi a n-úsáidimid ár limistéar muirí agus ár bhfarraigí, agus conas a bheartaímid iad a úsáid sna fiche bliain atá romhainn.

Tá níos mó rudaí ag tarlú ná riamh i bhfarraigí na hÉireann, mar sin ní mór dúinn a chinntiú gur féidir le gach úsáideoir oibriú le chéile chun an úsáid is fearr a bhaint as ár gcóstaí agus ár n-aigéan, agus ár dtimpeallacht mhuirí á chosaint ag an am céanna. Tá an t-ádh dearg ar Éirinn go bhfuil limistéar mara ollmhór aici – 7 n-uaire níos mó ná ár n-achar talún! San iomlán, tá limistéar muirí na hÉireann beagnach 500,000km² (490,000km²). Chun é a chur i bpeirspictíocht, níl sa chontae is lú in Éirinn, Lú, ach 820 km²!

Tugann ár bhfarraigí an oiread sin dúinn: cuireann an iascaireacht agus an dobharshaothrú bia ar fáil dúinn, is áiteanna súgartha agus taitneamh a bhaint as tránna áille, is féidir linn fuinneamh a fháil ón ngaoth agus, tá súil againn amach anseo, ó thonnta agus taoidí. Sroicheann earraí cosúil le gluaisteáin agus teilifíseáin isteach chuig ár gcalafoirt agus ár gcuanta le seachadadh ar fud na tíre, baineann siúlóirí taitneamh as radharcanna iontacha ónár gcladach a chuireann áthas orthu, agus cuidíonn tithe solais agus gardaí tarrthála chun sinn a choinneáil slán.

Féachann an Creat Pleanála Muirí ar na rudaí go léir atá ag tarlú inár bhfarraigí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Dobharshaothrú
- Cosaint agus Slándáil
- Eacnamaíoch – Geilleagar Muirí faoi Bhláth
- Fuinneamh – Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn
- Fuinneamh – Stóráil Gáis Nádúrtha
- Fuinneamh – In-athnuaite Amach ón gCósta
- Fuinneamh - Peitriliam
- Fuinneamh – Tarchur
- Comhshaol – Sláinte Aigéin
- Iascaigh
- Taiscéalaíocht Mianraí agus Mianadóireacht
- Calafoirt, Cuanta agus Loingeas
- Fómhar Feamainne
- Sóisialta – Rannpháirtíocht leis an Muir
- Teileachumarsáid
- Turasóireacht
- Spórt agus Áineas
- Cóireáil agus Diúscairt Fuíolluisce
- Sábháilteacht ar Muir

# SAIBHREAS MARA NA hÉIREANN

## AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá breis is **24 speiceas** éanlaithe mara cónaithe agus cuairte ar ár gcósta. Tá níos mó ná **500,000** péire éan mara timpeall oileán na hÉireann.

Tháinig **12,105 soitheach** go calafoirt na hÉireann in 2023.

**Tá méid agus éagsúlacht neamhghnách plandaí agus ainmhithe** i gcríoch mhuirí na hÉireann.

Tá beagnach **600 speiceas feamainne** timpeall na hÉireann.

Taifeadadh breis agus **7,300 speiceas ainmhí** sna farraigí timpeall na hÉireann, lena n-áirítear 25 speiceas céiticeach (míolta móra agus deilfeanna!) lena n-áirítear deilfeanna coitianta, deilfeanna bolgshrónacha agus muca mara.

Cónaíonn **40% de dhaonra na hÉireann** laistigh de chúig chiliméadar den chósta.

Thaistil níos mó ná **1.1 milliún paisinéir** go hÉirinn ar bhád farantóireachta in 2023.

Is bonneagar ríthábhachtach iad calafoirt na hÉireann dár dtrádáil idirnáisiúnta, agus níos mó ná **90% dár dtrádáil idirnáisiún** ta ag bogadh ar muir.

Is fiú **€1.3 billiún** geilleagar bia mara na hÉireann.

Faightear an chuid fhaisnéis suimiúla Phleanála Mara ar
**www.marineplan.ie**

Green-Schools
An Taisce

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications

100% RECYCLED PAPER